**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 21 Meán Fómhair 2023 – Spielhallen eV agus LM v an Coimisiún Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine**

**(Cás C-831/21 P) ([1])**

***(Achomharc – Státchabhair – Airteagal 107(1) CFAE – Coincheap na 'cabhrach' – Coinníoll a bhaineann le buntáiste roghnaitheach – Cóireáil cánach ar oibrithe casaíní poiblí sa Ghearmáin – Tobhach ar Bhrabúis – Inasbhainteacht pháirteach na méideanna a íocadh i leith an tobhaigh sin ón mbonn cánach d'ioncam nó cánach chorparáide agus trádála – Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach – Diúltú gearáin ag deireadh na céime reamhscrúdaithe ar an bhforas nach bhfuil Státchabhair i gceist leis an inasbhainteacht sin – Cinneadh ar leith nach bhfuil buntáiste eacnamaíoch agus roghnaíocht ann – Caingean os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh teoranta do chinneadh an easpa roghnaíochta – Caingean nach bhfuil feidhm aici – Léirmhíniú ar an dlí cánach náisiúnta infheidhme chun na críche sin – Aicmiú an tobhaigh ar bhrabúis mar 'cáin speisialta' atá in-asbhainte mar 'costais arna dtabhú ag gnáthchúrsa trádála')***

(C/2023/624)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí*: Fachverband Spielhallen eV, LM (ionadaí: A. Bartosch agus R. Schmidt, Rechtsanwälte)

*Páirtí eile sna hImeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: ar dtús ag K. Blanck agus B. Stromsky, agus ina dhiaidh sin ag B. Stromsky, Gníomhairí), Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (Ionadaithe: J. Möller agus R. Kanitz, Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear Ordú Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, an 22 Deireadh Fómhair 2021, Fachverband Spielhallen agus LM v an Coimisiún (T-510/20, ECLI:EU:T:2021:745), ar ceal.
2. Tarchuirtear an cás ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh.
3. Forchoimeádtar na costais.

---

([1]) IO C 198, 16.5.2022.